

Faoileán

(Mac Dhonnagáin)

Faoileán, faoileán, faoileán

Go hard sa spéir

Faoileán, faoileán, faoileán,

Go hard sa spéir.

Go hard os cionn na cathrach,

Go hard os cionn na tíre go léir.

Seagull, seagull, seagull

Way up in the sky.

Seagull, seagull, seagull

Way up in the sky.

Way above the city and

The countryside.

Níl cíos ná cás ar an bhfaoileán

Níl cíos ná cás ar an ngaoth

Táim a rá nach bhfuil cíos ná cás ar an bhfaoileán

Níl cíos ná cás ar an ngaoth

Ach síneann sé na sciatháin

Is seolann sé soir, siar.

*The seagull is carefree
Carefree as the wind
The seagull is carefree
Carefree as the wind
If he wants to go west or east
He just stretches his wings.*

Feiceann sé na gasúir
Ag rith is ag spraoi sa bpáirc
Feiceann sé na seanóirí
Ag saothrú báis
An faoileán
Go hard sa spéir
Go hard os cionn na cathrach,
Go ard os cionn na tíre go léir.

*He sees the children, playing in the park
He sees the old folks approaching death
That seagull,
Way up in the sky.
Way above the city and
The countryside.*

Tá faoileán, faoileán, faoileán ag seoladh soir, siar.

Tá faoileán, faoileán, faoileán ag seoladh soir, siar

Is muide abhus ar an talamh,

Greim an fhir bháite ar aislingí.

Seagull, seagull, seagull sails west and east

That seagull, seagull, seagull sails west and east.

While we're below on the ground here

Clinging like a drowning man to dreams.

Guth/Vocal: Tadhg

Giotár/Guitar: Sonny Condell

Giotár Leictreach/Electric Guitar: Robbie Overson

Orgán Béil/Harmonica: Philip King

Dord/Bass: Garvan Gallagher

Drumaí/Drums: Nollaig Bridgeman

A song from my early blue period, “faoileán” was the word commonly used in English-speaking East Mayo where I grew up, for a seagull. Our speech was peppered with Irish words and I use a lot of them in my songwriting.

Bíonn mo mhaicín beag, Tadhg Óg, ag sáraíocht liom faoin gcaoi cheart leis an bhfocal “faoileán” a rá. Gaeilge Chonamara atá aige siúd agus níl aon ghlacadh aige leis an bhfuaimniú Maigh Eoch atá le cloisteáil ar an taifeadadh seo.